Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7733/22**

**ENV 297**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D079976/01 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena mbunaítear critéir an Éicilipéad AE maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D079976/01.

---

Faoi iamh: D079976/01

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D079976/01
[…](2022) XXX draft

**CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena mbunaítear critéir an Éicilipéad AE maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena mbunaítear critéir an Éicilipéad AE maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE[1], agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Bord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, is féidir an tÉicilipéad AE a dhámhachtain do na hearraí sin a bhfuil tionchar laghdaithe acu ar an gcomhshaol i gcaitheamh a saolré ar fad.

(2) Déantar foráil le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 go bhfuil critéir shonracha Éicilipéad AE le bunú de réir grúpaí táirgí.

(3) Le Cinneadh (AE) 2015/2099 ón gCoimisiún[2] bunaíodh critéir Éicilipéad AE mar aon leis na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach agus móta’. Cuireadh síneadh le tréimhse bhailíochta na gcritéar agus na gceanglas sin go dtí an 30 Meitheamh 2022 le Cinneadh (AE) 2019/1134 ón gCoimisiún[3].

(4) Chun an dea-chleachtas sa mhargadh le haghaidh an ghrúpa táirgí a léiriú ar bhealach is fearr agus chun forbairtí beartas agus deiseanna a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le glacadh méadaithe agus éileamh an mhargaidh ar tháirgí inbhuanaithe

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

2 Cinneadh (AE) 2015/2099 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2015 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha maidir le hÉicilipéad an AE a dhámhachtain do dhamhnaí fáis, feabhsaitheoirí ithreach agus móta (IO L 303, 20.11.2015, lch. 75).

3 Cinneadh (AE) 2019/1134 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2019 lena leasaítear Cinneadh 2009/300/CE agus Cinneadh (AE) 2015/2099, a mhéid a bhaineann le tréimhse bhailíochta na gcritéar éiceolaíoch maidir le hÉicilipéad AE a dhámhachtain do tháirgí áirithe, agus leis na ceanglais ghaolmhara i dtaca le measúnú agus fíorú (IO L 179, 3.7.2019, lch. 25).

a chur san áireamh, is iomchuí sraith nua critéar maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach a leagan síos.

(5) Sa Tuarascáil ar Sheiceáil Oiriúnachta an Éicilipéid AE[4] an 30 Meitheamh 2017, lena ndearnadh athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, thángthas ar an gconclúid gur gá cur chuige níos straitéisí a fhorbairt i leith an Éicilipéid AE, lena n-áirítear cuachadh grúpaí táirgí a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile i gcás inarb iomchuí.

(6) I gcomhréir leis na conclúidí sin, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir le haghaidh an ghrúpa táirgí 'damhnaí fáis, feabhsaitheoirí ithreach agus móta', agus comhchuibhiú le Rialachán (AE) 2019/1009[5] a áirithiú.

(7) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1009, pointe (6) den bhrollach agus Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart 'damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach' a chur in ionad ainm an ghrúpa táirgí chun feidhmiúlacht na dtáirgí a léiriú ar bhealach níos fearr, ós rud é go meastar gur cineál feabhsaitheora ithreach é 'móta'.

(8) Leis an gcomhchuibhiú le Rialachán (AE) 2019/1009 ba cheart infheictheacht an Éicilipéid AE le haghaidh táirgí damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach sa mhargadh a mhéadú agus ba cheart an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta a laghdú. Chomh maith leis sin, ba cheart modhnuithe áirithe a dhéanamh ar na sainmhínithe laistigh den ghrúpa táirgí 'damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach', go sonrach chun an téarmaíocht a chomhchuibhiú le Rialachán (AE) 2019/1009.

(9) Sa Phlean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche[6] arna ghlacadh an 11 Márta 2020, sonraítear go bhfuil na ceanglais maidir le marthanacht, in-athchúrsáilteacht agus an cion athchúrsáilte le háireamh ar bhealach níos córasaí i gcritéir an Éicilipéid AE.

(10) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag critéir athbhreithnithe an Éicilipéad AE maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach, go háirithe, táirgí a bhfuil tionchar teoranta acu ar an gcomhshaol ar feadh a saolré a chur chun cinn, ar táirgí iad a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próisis atá éifeachtúil ó thaobh an ábhair de agus atá fuinneamhéifeachtúil. Chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí, ba cheart, leis na critéir, a chur chun cinn ábhar orgánach athchúrsáilte agus cothaithigh a áireamh i ndamhnaí fáis agus i bhfeabhsaitheoirí ithreach, agus ba cheart athshlánú na ndamhnaí fáis mianraí ag céim deiridh a saolré a spreagadh. Leis na

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) agus Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ón bParlaimint agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (COM(2017) 355 final).

[5] Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche, COM(2020)98 final.

critéir athbhreithnithe ba cheart a ráthú gur sábháilte iad na táirgí i dtaca le sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí agus/nó don chomhshaol trí theorainneacha a leagan síos maidir le láithreacht substaintí guaiseacha, amhail miotail throma agus truailleáin orgánacha, agus trí fhoinsiú rialaithe mianraí a áirithiú. I bhfianaise iarrachtaí i dtreo na haeráidneodrachta agus i bhfianaise dhícharbónú thionscal na hEorpa, ba cheart ceanglais éigeantacha a leagan síos leis na critéir maidir le hastaíochtaí $CO_2$ agus le hídiú leictreachais i dtaca le mianraí forbartha agus le monarú olla carraige, agus ba cheart a dhreasú an cion ábhair athchúrsáilte/athshlánaithe a ionchorprú sna damhnaí fáis.

(11) Ba cheart na critéir nua agus na ceanglais ghaolmhara nua maidir le measúnú agus fíorú leanúint de bheith bailí go dtí an 30 Meitheamh 2030, agus timthriall nuálaíochta an ghrúpa táirgí á chur san áireamh.

(12) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/2099 a aisghairm.

(13) Ba cheart idirthréimhse a bheith ann le haghaidh táirgeoirí ar dámhadh ar a dtáirgí an tÉicilipéad AE do dhamhnaí fáis, feabhsaitheoirí ithreach agus móta de réir na gcritéar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2015/2099, ionas go mbeidh am leordhóthanach acu a dtáirgí a oiriúnú chun na critéir nua agus na ceanglais nua a chomhlíonadh. Ar feadh tréimhse theoranta tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart táirgeoirí a bheith in ann iarratais a chur isteach de réir na gcritéar a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2015/2099 nó de réir na gcritéar nua a bhunaítear leis an gCinneadh seo. Maidir le ceadúnais an Éicilipéad AE arna ndámhachtain i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2015/2099, ba cheart cead a bheith ann iad úsáid ar feadh 12 mhí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach a bheidh sa ghrúpa táirgí ‘damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach’.

*Airteagal 2*

Chun críoch an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘damhna fáis’ táirge nach ithir é *in situ*, a mbeidh sé mar fheidhm aige a bheith ina ábhar ina bhfásfaidh plandaí, lena n-áirítear algaí, nó muisiriúin;

(2) ciallaíonn ‘feabhsaitheoir ithreach’ táirge, lena n-áirítear móta, arb é an fheidhm atá aige airíonna fisiceacha nó ceimiceacha, struchtúr nó gníomhaíocht bhitheolaíoch na hithreach lena gcuirtear é a choinneáil ar bun, a fheabhsú nó a chosaint.

(3) ciallaíonn 'móta' cineál feabhsaitheora ithreach a úsáidtear mar chumhdach cosanta a chuirtear timpeall plandaí ar an mbarrithreach agus arb iad na príomhfheidhmeanna atá aige cailliúint taise a chosc, fás fiailí a rialú, cuidiú le teocht na hithreach a mhodhnú agus creimeadh ithreach a laghdú.

*Airteagal 3*

Chun an tÉicilipéad AE a dhámhachtain do tháirgí damhnaí fáis agus d'fheabhsaitheoirí ithreach ar tháirge faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, tiocfaidh sé laistigh den ghrúpa táirgí 'damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach' mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo, agus beidh sé i gcomhréir leis na critéir agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Critéir an Éicilipid AE le haghaidh an ghrúpa táirgí 'damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach' mar aon leis na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú, beidh siad bailí go dtí an 31 Nollaig 2030.

*Airteagal 5*

Chun críoch riaracháin, is é '048' an uimhir chóid a shannfar don ghrúpa táirgí 'damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach'.

*Airteagal 6*

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2099.

*Airteagal 7*

1. Maidir le hiarratais ar an Éicilipéad AE le haghaidh an ghrúpa táirgí 'damhnaí fáis, feabhsaitheoirí ithreach agus móta', mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2015/2099, iarratais a chuirtear isteach roimh dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo, déanfar meastóireacht orthu i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh (AE) 2015/2099.

2. Maidir le hiarratais ar an Éicilipéad AE le haghaidh táirgí a thagann faoin ngrúpa táirgí 'damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach', a shainmhínítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo, iarratais a chuirtear isteach ar dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo nó laistigh de 2 mhí den dáta sin, féadfaidh siad a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa Chinneadh seo nó ar na critéir a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2015/2099. Déanfar meastóireacht ar na hiarratais sin i gcomhréir leis na critéir ar a bhfuil siad bunaithe.

3. Maidir le ceadúnais an Éicilipéid AE arna ndámhachtain ar bhonn iarratas a ndearnadh meastóireacht air i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2015/2099, féadfar iad a úsáid go ceann 12 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

*Airteagal 8*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón *[Nóta chuig Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta seachtain amháin tar éis an ghlactha]*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*

*Virginijus Sinkevičius*

*Comhalta den Choimisiún*